# Cuntas Leithreasa 2024

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ní mór dom an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch Déardaoin 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí- i-gcabhair ar mhaithe le chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas de €1.469 milliún dlite don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi na polasaithe agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Ról an Bhoird***

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Forálann sé do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh ar a mbíonn ochtar ball seachtrach mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach ar bhonn *ex officio*.

I comparáid le feidhmeanna na mBord Stáit go traidisiúnta, baineann feidhmeanna reachtúla na mbord Stáit níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. De ghnáth, bíonn na nithe seo a leanas san áireamh

- ionadaíocht a dhéanamh do leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú a dhéanamh ar agus faomhadh a thabhairt do phleananna agus do chuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach chun cinn
- monatóireacht a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna athbhreithnithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chleachtais chuí a eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthpholasaithe agus na gnáthphrionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorclán 20/2024, i bhfeidhm agus an cuntas leithreasa seo á ullmhú. Tá cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS), a cuireadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024, san áireamh.

***Dímheas na sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a ghearradh de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Tá ré úsáideach agus rátaí bainteacha phríomhaicmí na sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas:

| *Aicme sócmhainní* | *Ré úsáideach* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí oibríochta | 10 mbliana | 10% |
| Fearas oifige eile | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí TF | 5 bliana | 20% |
| Crua-earraí TF | 5 bliana | 20% |

## Ráiteas maidir leis an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á chur i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na ndualgas eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach, agus ní go daingean, go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus go ndéantar taifead orthu i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhonn leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid dualgas maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Tá réimse rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas san áireamh, i bhfeidhm.

- Tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go gcuirtear an gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm chun iad a cheartú.
- Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta do príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialú riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis.
- Go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
- Go bhfuil córais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na córais TFC slán.
- Go bhfuil treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla maidir le bainistíocht tionscadal.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina n-aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair i dtaca le conarthaí a bhronnadh agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha. Maidir le caiteachas ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus eile, bhí €7.57 milliún san iomlán i gceist in 2024.

Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi naoi gconradh neamhiomaíocha a raibh luach de níos mó ná €25,000 ag baint leo sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis na treoirlínte ach amháin i dtaca le ceithre chonradh (níos mó ná €25,000, gan CBL a chur san áireamh) a raibh luach iomlán de €315,148 (gan CBL a chur san áireamh) orthu, de réir mar a leagtar amach thíos:

- Cuireadh síneadh le conradh amháin a bhfuil luach de €165,884 ag baint leis ar mhaithe le leanúnachas gnó toisc gur cuireadh moill ar eisiúint RFT do chomórtas nua.
- Glacadh le soláthraí amháin (luach caiteachais de €32,088) ar dtús de bharr molta ó Oifig na nOibreacha Poiblí, don tréimhse ina raibh na hoibreacha tógála ar siúl, chun rochtain ar Áras na Caibidle a chinntiú de réir mar ba chuí go príomha. Bunaithe ar chomhairle an Gharda Síochána, socraíodh gur chóir leanúint leis an tseirbhís de

bharr go raibh méadú suntasach tagtha ar iompar frithshóisialta sa cheantar. De bharr próisis soláthair iomaíoch, ceapadh soláthraí nua ón 1 Meán Fómhair 2024.

- Cuireadh síneadh le conradh amháin (luach caiteachais de €81,069) thar an dáta éaga toisc nár baineadh úsáid as luach iomlán an chonartha toisc gur tháinig athrú ar chúinsí le linn agus i ndiaidh phaindéim Covid. Tá tús curtha le próiseas soláthair nua chun conraitheoir nua a cheapadh.
- De bharr conartha do mheasúnuithe eirgeanamaíochta, ceannaíodh troscán speisialtachta, lasmuigh de scóip an chonartha, ón soláthraí céanna (luach caiteachais de €36,107) chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte sláinte agus sábháilteachta.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil a luadh thuas.

***Creat riosca agus rialachais***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus ceartaíonn siad é gach ceathrú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil.

Léiríonn an clár riosca na rialacháin agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialú a stiúradh.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialachais in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur aithníodh rioscaí tábhachtacha agus gur cuireadh próisis ábhartha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe seo agus easnaimh ar bith a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le súil a choinneáil ar chomh héifeachtach atá nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus lucht ardbhainistíochta na hOifige, atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna faoi rialú inmheánach airgeadais***

Ní bhfuarthas aon laige i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2024 ar gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapcháin Phoiblí
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapcháin Phoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapcháin Phoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An tSeirbhís um Cheapcháin Phoiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d’éiligh mé le haghaidh m’iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Maidir le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chláir** | | | | |
| A An Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | |
| *Bun* | 23,608 | | | |
| *Forlíontach* | 665 | | | |
| | | 24,273 | 22,811 | 21,084 |
| **Ollchaiteachas** | | **24,273** | **22,811** | **21,084** |
| *Asbhaint* | | | | |
| E **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bun* | 206 | | | |
| *Forlíontach* | 664 | | | |
| | | **870** | **1,077** | **413** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bun* | 23,402 | | | |
| *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **23,403** | **21,734** | **20,671** |

### Barrachas

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach leithreas nár caitheadh, nó cuid acu, do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt ar aghaidh chun iad a chaitheamh sa bhliain dar gcionn (féach nóta 6.1).

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 1,669,212 | 627,569 |
| Géilleadh iarchurtha | (200,000) | — |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **1,469,212** | **627,569** |

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

11 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 15,241 | 13,505 |
| Neamhphá | | 7,570 | 7,579 |
| **Ollchaiteachas** | | **22,811** | **21,084** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,077** | **413** |
| **Glanchaiteachas** | | **21,734** | **20,671** |
| | | | |
| **Athruithe ar shóchmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (115) | | |
| Dímheas | 151 | | |
| Caillteanas ó dhiúscairt | 4 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (258) | | |
| Amúchadh | 6 | | |
| | | (212) | (228) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 11 | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 33 | | |
| Méadú ar chostais fabhraithe | 875 | | |
| | | 919 | (79) |
| **Caiteachas díreach** | | **22,441** | **20,364** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,789 | 3,642 |
| **Glanchostas cláir** | | **26,230** | **24,006** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 17 a iompraíodh in áit eile san áireamh sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 62 | 60 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,639 | 1,468 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,026 | 2,052 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 30 | 32 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 32 | 30 |
| | | **3,789** | **3,642** |

## Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 480 | 520 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 321 | 69 |
| | | **801** | **589** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 329 | 845 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 495 | 506 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | — | 33 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 786 | 280 |
| | | **1,610** | **1,664** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | 2.7 | 1,032 | 157 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 652 | 610 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 463 | 515 |
| | | **2,147** | **1,282** |
| **Glan-shócmhainní reatha/ (dliteanais)** | | **(537)** | **382** |
| **Glansócmhainní** | | **264** | **971** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.10 | **264** | **971** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

| | Fearas oifige agus TF | Fearas oifige eile | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 1,400 | 242 | 1,642 |
| Breiseanna | 115 | — | 115 |
| Diúscairtí | (273) | — | (273) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 1,242 | 242 | 1,484 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 998 | 124 | 1,122 |
| Dímheas don bhliain | 126 | 25 | 151 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (269) | — | (269) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 855 | 149 | 1,004 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **387** | **93** | **480** |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 402 | 118 | 520 |

Nóta [a] Tá roinnt sócmhainní a fuarthas ar chostas níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021 san áireamh faoi chostas agus luacháil.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a aimsíodh agus a forbraíodh | Sócmhainní doláimhsithe á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 3,880 | — | 3,880 |
| Breiseanna | — | 258 | 258 |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 3,880 | 258 | 4,138 |
| **Amúchadh bailithe** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 3,811 | — | 3,811 |
| Amúchadh don bhliain | 6 | — | 6 |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 3,817 | — | 3,817 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **63** | **258** | **321** |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 69 | — | 69 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | 328 | 844 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **329** | **845** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí agus tacaíochtaí TF | 311 | 432 |
| Costais chláir ar leith | 121 | 63 |
| Costais riaracháin | 63 | 11 |
| | **495** | **506** |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais riaracháin | — | 33 |
| | **—** | **33** |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fionraí tuarastail | 329 | — |
| Réamhíocaíochtaí chuig OOP | 212 | 90 |
| Scéim fhorchúitimh do phas taistil | 2 | 3 |
| Míreanna eile dochair: fionraí | 244 | 187 |
| | **787** | **280** |

## 2.7 Ioncam Fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú párolla (nóta 2.12) | 395 | — |
| Fabhrú saoire (nóta 2.12) | 294 | — |
| Costais chláir ar leith | 237 | 84 |
| Seirbhísí agus tacaíochtaí TF | 22 | 3 |
| Costais riaracháin | 84 | 70 |
| | **1,032** | **157** |

## 2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Dlite don stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 251 | 244 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 169 | 164 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhisí gairmiúla | 19 | 60 |
| Cáin bhreisluacha | 210 | 55 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 650 | 524 |
| **Fionraí** | | |
| Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí | 3 | 86 |
| | **653** | **610** |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,469 | 628 |
| Géilleadh iarchurtha | 200 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,206) | (113) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **463** | **515** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 329 | 845 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 787 | 280 |
| | 1,116 | 1,125 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (650) | (524) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (3) | (86) |
| | (653) | (610) |
| | **463** | **515** |

## 2.10 Cuntas do Mhaoiniú Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 971 | 664 |
| Íocaíocht amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 23,403 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (200) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (1,469) | | |
| Vóta glan | | | 21,734 | 20,671 |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,789 | 3,642 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (26,230) | (24,006) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **264** | **971** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** ar an 31 Nollaig | **2024** €000 | **2023** €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 219 | 484 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 258 | 36 |
| **Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe de réir dlí** | **477** | **520** |

## 2.12 Tionchar athruithe i mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm seo ar an iarmhéid i dtaca le maoiniú Stáit.

| Ar an 31 Nollaig | **2024** €000 |
|---|---|
| Fabhrú párolla [a] | (395) |
| Fabhrú saoire [a] | (294) |
| | **(689)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh uilig do Vóta 17 de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí mar chaiteachas riaracháin ar baineadh úsáid as do chlár amháin: státseirbhís agus seirbhís phoiblí – ath-imlonnú/ earcaíocht/roghnú.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bun* | 14,902 | | | |
| | | *Forlíontach* | 465 | | | |
| | | | | 15,367 | 15,241 | 13,505 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 10 | 10 | 11 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | 255 | 308 | 507 |
| iv | Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus trealamh eile | | | 180 | 229 | 106 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus seirbhísí TF | | | 3,161 | 2,624 | 2,006 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | 700 | 545 | 580 |
| vii | Athbhreithniú polasaí, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | | 160 | 119 | 266 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | | | | | |
| | | *Bun* | 1,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50 | | | |
| | | | | 1,750 | 1,506 | 1,691 |
| ix | Costais earcaíochta – boird agallaimh | | | | | |
| | | *Bun* | 2,540 | | | |
| | | *Forlíontach* | 150 | | | |
| | | | | 2,690 | 2,229 | 2,412 |
| | | | | **24,273** | **22,811** | **21,084** |

**Athruithe suntasacha**

Léirítear sa nóta seo na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar sna Meastacháin €700,000; caiteachas €545,000*

Tháinig an choigilt de €155,000 mar go raibh suim san áireamh sa leithdháileadh do chostais áitribh oifige sa tsuim a bhí ann chun oibreacha caiptil ar an mbialann in Áras na Caibidle a chlúdach. Rinneadh seo a réamh-mhaoiniú le hOOP de réir a gcostas measta, ach, ag deireadh na bliana 2024, bhí an tsuim a gearradh don obair i bhfad níos ísle ná na meastacháin. Bhí an obair críochnaithe den chuid is mó ag deireadh na bliana.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | | | | |
| | *Bun* | 30 | | | |
| | *Forlíontach* | 664 | | | |
| | | | 694 | 819 | 198 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a bhaineann le luach saothair na seirbhíse poiblí | | 175 | 258 | 215 |
| 3 | Eile | | 1 | — | — |
| | | | **870** | **1,077** | **413** |

**Athruithe suntasacha**

Léirítear thíos na cúiseanna le hathruithe suntasacha i leithreas i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1. Leithreas i gcabhair**

*Soláthar sna meastacháin: €30,000; réadaithe €819,000*

Bhí na fáltais níos airde ná an phróifíl €789,000 mar gheall gur aistríodh maoiniú ón nGarda Síochána chun tacú le riachtanais bhreise earcaíochta don bhliain.

**2. Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a bhaineann le luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin: €175,000; réadaithe €258,000*

Bhí na fáltais níos airde ná an phróifíl €83,000 mar gheall gur tháinig méadú ar líon na mball foirne chun tacú le hearcaíocht sa bhreis sa Gharda Síochána.

# Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéis lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **296** | **295** |

## 5.2 Pá

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 13,699 | 12,131 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 128 | 143 |
| Ragobair | 12 | 18 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,402 | 1,213 |
| **Pá iomlán** | **15,241** | **13,505** |

## 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht is mó do dhuine amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 30 | 6 | 18,405 | 14,531 |
| Ragobair | 34 | — | 1,708 | 1,770 |
| Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 3 | 18,802 | 12,523 |

## 5.4 Bandaí pá sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Bhí líon na mball foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a fhaigheann sochair mar fhostaí (lena n-áirítear buntuarastal, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a chur san áireamh) idir €20,000 agus €59,999 agus, maidir le gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh, tá na figiúirí mar seo a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 244 | 224 |
| 60,000 | 69,999 | 13 | 10 |
| 70,000 | 79,999 | 10 | 14 |
| 80,000 | 89,999 | 12 | 6 |
| 90,000 | 99,999 | 6 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 5 |
| 110,000 | 119,999 | 4 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |

## 5.5 Íocaíocht agus sochair don Oifigeach Cuntasaíochta

Bhí íocaíocht agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta mar seo a leanas ag deireadh na bliana airgeadais:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá bunúsach | 163 | 163 |
| | **163** | **163** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim phinsin Bhunaithe roimh 1995 í an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní sháraíonn a teidlíochtaí maidir leis seo ghnáth-théarmaí na scéime pinsin sin.

### 5.6 Socruithe eile íocaíochta

Cuireadh 164 státseirbhíseach atá ar scor agus a fhaigheann pinsean státseirbhíse ag obair ar arís do tháillí agus bhí costas iomlán de €874,342 i gceist. Íocadh iad de réir phrionsabail Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Íocadh táillí le baill de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2024 mar seo a leanas.

| Ball | Táillí bliantúla | |
|---|---|---|
| | **2024** | **2023** |
| | **€** | **€** |
| Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach * | — | — |
| Tom Moran, Cathaoirleach | 11,970 | 11,970 |
| An Dr Eddie Molloy | — | 7,695 |
| Anne Marie Taylor | — | 7,695 |
| Mary Connaughton | 7,695 | 7,695 |
| Sinéad Burns | 5,771 | — |
| Valerie Lawlor | 5,771 | — |
| Yvonne Cooke [a] | — | — |
| Colin Menton [a] | — | — |
| Fiona Quinn [a] | — | — |
| Anne Marie Hoey [a] | — | — |
| **Iomlán** | **31,207** | **35,055** |

Nóta [a] Státseirbhísigh reatha nach bhfaigheann táillí mar Bhall Boird faoin bprionsabal ar a dtugtar ‘duine amháin, tuarastal amháin’.

### 5.8 Ró-íocaíochtaí Párolla

| ar an 31 Nollaig | Líon daoine a fuair | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 20 | 34,860 | 19,079 |
| Pleananna téarnaimh bliantúla i bhfeidhm | 6 | 4,146 | 1,297 |

## Nóta 6 Ilchineálach

### 6.1 Géilleadh iarchurtha

Bhí coigilteas de €200,000 i gcaiteachas caipitil i gceist i ngéilleadh iarchurtha in 2024 faoin bhfo-cheannteideal seo a leanas, a tugadh ar aghaidh chuig 2025.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| A | An Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | 200 | — |
| | | **200** | — |